

Imlitir 0033/2017 - Aguisín 2



**Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta
Plean Gníomhaíochta Feabhsúcháin Scoile Uile
[Bunscoileanna / Scoileanna Speisialta sa Ghaeltacht]**



Ainm na Scoile: Scoil Éinne,
an Spidéal,
Co na Gaillimhe.

Uimhir Rolla: 20115F

Tréimhse an Phlean: 2018-2021

Dáta faofa ag Bord Bainistíochta: 29/01/18

Comhthéasc na Scoile

Próifíl na Scoile

- Is bunscoil chomhoideachasúil í Scoil Éinne. Rinneadh cónascadh idir scoil na mbuachaillí agus scoil na gcaillíní sa Spidéal i 2000.
- Is scoil ghaeltachta aon sruthach í. Tá an scoil suite i gceantar Gaeltachta agus déanann an scoil chuile iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn.
- Tá an scoil faoi phátrúnacht Easpag Chaitliceach na Gaillimhe. Tá **220** dalta sa scoil. (99 buachaillí agus 121 cailíní). Bíonn tinreamh formhór na ndaltaí an-mhaith.
- Tá ochtar oide príomhshrutha, maraon le príomhoide riarthach, sa scoil.
- Tá triúr oide oideachais speisialta lonnaithe sa scoil.
- Tá beirt CRS lánaimseartha & triúr CRS páirtaimseartha sa scoil.
- Tá cúntóir teanga (15.5 uair sa tseachtain) ag feidhmiú sa scoil.
- Cuireadh síneadh leis an bhfoirgneamh i 2008. Tá foirgneamh agus suíomh tarraingteach, áisiúil agus oiriúnach ar fáil don scoil anois.
- Tacaíonn tuismitheoirí go láidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.
- Tá an tumoideachais i bhfeidhm mar pholasaí scoile. Tosnaítear ar mhúineadh an Bhéarla i Rang 1.
- Tugtar trialacha Droim Chonrach sa nGaeilge.

Tá Scoil Éinne suite, i gceantar Chatagóir B na Gaeltachta. Tá an scoil suite i gceantar Chois Fharráige thart ar 12 míle (19 km) siar ó chathair na Gaillimhe. Cois Fharráige a thugtar ar chuid den cheantar Gaeltachta a shíneann siar ó Chathair na Gaillimhe.

Tá pobal scoile de 220 dalta agus 133 teaghlach an scoil sin againne. Cuirtear an-bhéim ar chothú timpeallacht Ghaeilge agus ar shaothrú fhéiniúlacht agus sainaitheantas Gaeltachta sa scoil. Ach oiread le haon cheantar Gaeltachta eile tá brú ar an nGaeilge mar theanga phobail agus mar theanga teaghlaigh sa gceantar seo. Tá meascán sa scoil ó thaobh teanga de, idir cainteoirí dúchasacha, gasúir le Gaeilge mheasartha agus gasúir nach bhfuil aon Ghaeilge acu. Mar sin, tá dúshlán romhainn an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil. Scoil ochtar oide príomhshrutha agus triúr oide oideachais speisialta lán-aimseartha atá sa scoil faoi láthair agus tá cúntóir teanga againn sa scoil. Múintear chuile ábhar trí Ghaeilge agus déantar chuile iarracht na himeachtaí seach-churaclam a eagrú trí Ghaeilge chomh maith. Reáchtálann an scoil trialacha caighdeánaithe Dhroim Conrach i ngach rang ó Rang 1 go Rang a Sé. Tá gnóthachtáil na ngasúr sna trialacha caighdeánaithe seo ag teacht leis an dáileadh normalach. In ainneoin seo, aithníonn muid botúin fánacha i gcaint na ngasúr, idir theanga, ghramadach agus easpa foclóra. Chíor muid na critéir ag tús an phróisis agus d'aimsigh muid tosaíochtaí don sin scoil s'againne. Leag muid síos spriocanna don 3 bliana atá amach romhainn, 2018 – 2021, bainteach le riachtanais sainiúla na scoile. Leis an bplean seo, tá súil againn forbairt a dhéanamh ar chritéir 1, 2, 3, agus 4.

Labhairt na Gaeilge Maidir le labhairt na Gaeilge is mar seo atá cúrsaí san LPT:

Tábla 2: Cainteoirí Laethúla Gaeilge (ón Staidéar Cuimsitheach (SCT), 2007, Nuashonraithe 2015). Daonáireamh 2011.

Toghroinn	Daonra 3 bliana+	Cumas Gaeilge (%)	Cainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG)	% CL	Cainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) lasmuigh den Chóras Oideachais	% CL lasmuigh den Chóras Oideachais	Catagóir
An Spidéal	1380	1,139 (81.8%)	898	64.6%	732	52.6%	B

Clár feabhsúcháin ag teacht le critéir theanga-bhunaithe chun críche aitheantais mar bhunscoil/scoil speisialta Ghaeltachta: Ráiteas achomair

Feabhsúcháin Scoile Uile

Achoimre ar an bPlean Gníomhaíochta

Spriocanna feabhsúcháin:

1. Clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn.(1,2,3,6)
2. Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge.
3. Eispéiris oideachais ardchaighdeán trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge.

1. Clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn.

Critéir (1,2,3,6)

Sain-spriocanna	Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna	*Critéir ratha	Cé	Ról ceannais ag?	Cén uair?	Acmhainní?
Gach ábhar scoile á mhúineadh trí Ghaeilge	<ul style="list-style-type: none"> • Polasaí scoile an-soiléir maidir leis an méid tumadh gur gá a dhéanamh sa Ghaeilge.- teagasc iomlán na scoile seachas an curclam Béarla. • Oiliúint ar na múinteoirí maidir le tumoideachas agus teagasc na litearthachta trí Ghaeilge agus míniú soiléir ar an gcleachtas seo a thabhairt do phobal na scoile chomh maith le forbairt scileanna dé-litearthachta chomhionanna. • Cumarsáid le tuismitheoirí i bhfoirm litreach, cruinniú eolais agus saineolaí tumoideachas ag déanamh cur i láthair maidir le buntáistí Tumoideachas agus go háirithe an luath tumoideachas • Tumoideachas lánthumtha sna naíonáin. Suíomh foghlama compórdach, fáilteach agus sábháilte tumtha sa Ghaeilge a chur ar fáil do naíonáin na scoile. • Trí Ghaeilge a chuirfear tús le teagasc na litearthachta ar dtús (dhá bhliain de luath-thumadh, clár fonaice /foghraíochta grádaithe in úsáid). 	<ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú ar an bpolasaí agus é a spaipeadh ar na páirtí cuí • Cruinniú le Tuismitheoirí • Aiseolas ón bhfoireann, Grúpaí Fócais, Bord Bainistíochta • Oíche Eolais • Leabhrán Eolais • "Tumoideachas sa Bhunscoil Ghaeltachta le tabhairt do chuile theaghlach • Aiseolas ó thuismitheoirí • Naíonáin ag labhairt Gaeilge • Liosta áiseanna sa scoil a chur le chéile agus a phlé ag cruinnithe foirne 	<p>Príomhoide/Coiste Polasaithe Scoile Bord Bainistíochta Príomhoide</p> <p>Príomhoide</p> <p>Príomhoide</p> <p>Múinteoir ranga MTF agus CT</p>	<p>Príomhoide/Bord Bainistíochta</p> <p>Príomhoide</p> <p>Príomhoide</p> <p>Múinteoir ranga/ Príomhoide</p>	<p>Scoilbhliain 2017-2018</p> <p>Bliantúil</p> <p>Meán Fómhair 2016-Meitheamh 2017</p> <p>Bliantúil</p> <p>Bliantúil</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Curaclam na Scoile • Polasaí Gaeilge na Scoile • Plean Scoile • Post freagrachta • Tuilleadh uaireanta ag múinteoirí tacaíochta foghlama chun díriú isteach ar an nGaeilge chomh maith le Mata agus Béarla • Acmhainní cuí a bheith ar fáil do gach téama in Aistear. • Leabhair léitheoireachta grádaithe m.sh -Cleite • Leabhrán Eolais maidir le Tumoideachas sa Bhunscoil Ghaeltachta/Eolas do Thuismitheoirí agus do chaomhnóirí • Ábhair ríomhaireachta do gach ábhar. • Youtube sa scoil leis an bhfuaim múchta • Ceardlanna dea-chleachtais múinteoireachta • Cluichí teangan • Mar a Déarfá • Acmhainní Séideán Sí a bheith ar fáil ina n-iomláine i ngach rang • Luaschártaí/Cáirteanna • Blag Scoile • Cluichí Boird

	<ul style="list-style-type: none"> • Áiseanna teagaisc gach ábhar ar ardchaighdeán i nGaeilge. • Leas a bhaint as tacaíocht bhreise (m.sh an cúntóir teanga) chun na naíonáin a thumadh sa Ghaeilge agus chun a dteanga shóisialta a forbairt i gclós na scoile. 	<ul style="list-style-type: none"> • Aiseolas ón bhfoireann • Aiseolas ón bhfoireann 	<ul style="list-style-type: none"> • An fhoireann • An fhoireann /MTF 	<ul style="list-style-type: none"> • Post Freag. • Príomhoide 	<ul style="list-style-type: none"> • Téarmúil • Téarmúil 	<ul style="list-style-type: none"> • Ábhar mata i nGaeilge • Póstaeir • Leabhair OSIE
	<ul style="list-style-type: none"> • Fógraí sa scoil a bheith i nGaeilge amháin nó ar bhonn eiseachtúil go dá theangach le Gaeilge chun cinn. • Plean iomlán leagtha amach ag foireann na scoile maidir leis an ionchur teanga do gach rang. • Nasc láidir le tuismitheoirí m.sh oícheanta oscailte ag míniú polasaithe scoile agus an tacaíocht atá ag teastáil uathu • Ócáidí Gaeilge do tuismitheoirí 	<ul style="list-style-type: none"> • Fógraí crochta/timpeallacht shaibhir • Plean soiléir agus é in úsáid ag an bhfoireann • Aiseolas ó thuismitheoirí 	<ul style="list-style-type: none"> • An fhoireann ar fad • Príomhoide Ionaid • Príomhoide/Príomhoide Ionaid • Príomhoide 	<ul style="list-style-type: none"> • Post Freag./Príomhoide • Príomhoide 	<ul style="list-style-type: none"> • Laethúil • Laethúil 	

2. Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfeadh gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge

Go mbeadh an Ghaeilge mar phríomhtheanga teagaisc na scoile. (Critéir 1,2,3,6)

Sain-spriocanna	Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spriocanna	*Critéir ratha	Cé	Ról ceannais ag?	Cén uair?	Acmhainní?
Na hábhair a mhúineadh trí Ghaeilge	<ul style="list-style-type: none"> • Polasaí soiléir a chothaíonn aontacht foirne chun na caighdeán is fearr a shroichint • Chuile mhúinteoir ag cloí leis an bpolasaí scoile – Gaeilge amháin i ngach ábhar ach amháin sa Bhéarla • Pleanáil chúil déanta do gach ceacht i ngach ábhar – an teanga a bheith múinte sula n-osclaítear leabhar ar bith (Réamhobair i ngach ábhar chun an teanga chúil a bheith ar eolas ag na páistí)- Béim ar ionchur teanga • An Curaclam Nua Teanga a chur i bhfeidhm • Cur lenár n-eolas go leantach • Go mbeadh na daltaí ag iarraidh foghlaim – timpeallacht tarraingtheach a bheith sa seomra ranga • Go mbeadh polasaí ag an scoil téacsleabhair Ghaeilge a úsáid nuair atá siad feiliúnach. 	<ul style="list-style-type: none"> • Grúpaí sna ranganna • Pleanáil chúil • Ord is eagar a bheith sa rang • Leanúnachas ó rang go rang • Na pleananna atá ann a leanacht • Réamhobair ar siúl sa rang • Obair bhreise nuair is gá • Leabharlann eagraithe • Plean Bliana agus Cuntas míosúil gach múinteoir 	An fhoireann	<ul style="list-style-type: none"> • Príomhoide • Príomhoide Ionaid • Múinteoirí 	<ul style="list-style-type: none"> • Láithreach • An Curaclam Teanga Nua Naíonáin-R2 MF 2018 • Bliantúil 	<ul style="list-style-type: none"> • Plean Scoile • Polasaithe scoile • Breis Múinteoirí • Tacaíocht ó PDST • Am breise le cúntóir teanga agus MTF • Leabhair/leabhair ghrádaithe/ clár luathléitheoireachta • Taisce tuisceana (COGG) • Pacaistí (Séideán Sí) • Cruinn Ceart (An Gúm) • Scrabble • Leabhair OSIE • Fearas Mata • Póstaeir Mhata • Míreanna mearaí i nGaeilge • Cluichí ríomhaireachta mata agus eile • Séideán Sí

<p>Go mbeadh na múinteoirí ag cur eiseamláir de Ghaeilge chruinn ar fáil do na daltaí</p>	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt ghairmiúil inscoile do mhúinteoirí dírithe ar oideolaíocht i scoil Ghaeltachta Scéalta le ardchaighdeán Gaeilge a léamh dóibh agus a phlé Botúin a cheartú agus gan glacadh le droch Ghaeilge A chinntiú go bhfuil gach múinteoir ag freastal ar shealbhú, ar shaihbriú agus ar shóisialú teanga, mar shampla, stór focal agus réimse teanga níos teibí agus níos leithne a mhúineadh ó Rang a 2 ar aghaidh agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga chlóis. Cluichí clóis- teanga a bheith ar eolas múinte sa rang 	<ul style="list-style-type: none"> Teastaisí Na cuntais mhíosúla Aiseolas ón bhfoireann Na cuntais mhíosúla Aiseolas ón bhfoireann Feabhas ar úsáid na Gaeilge le cloisteáil sa glós 	<p>An fhoireann</p> <p>An fhoireann</p> <p>An fhoireann</p>	<p>Príomhoide Bord Bainistíochta</p> <p>An fhoireann</p> <p>Príomhoide/Príomhoide Ionaid</p>	<p>Bliantúil</p> <p>Laethúil</p> <p>Laethúil</p>	<ul style="list-style-type: none"> Scéim Mar a Déarfá Laethanta Inseirbhíse rialta Ranganna cruinnis teanga do mhúinteoirí Leabhair gramadaí/poncaíocht Learscáil Cruinneog Acmhainní/ fearais atá ag teastáil do chuile ábhar a bheith sa rang/ nó fios ag an múinteoir cá bhfuil siad sa scoil Réimse níos leithne de leabhair atá tarraingteach do na páistí Maoiniú/ Ionadaithe do mhúinteoirí a bheidh ag freastal ar chúrsaí Cláracha TG4 Raidió na Gaeltachta Ranganna Drámaíochta Forbairt Ghairmiúil Leanúnach maidir le cláracha nua "Mar a Déarfá", Cleite Deiseanna plé le scoileanna eile
<p>Leanúnachas ó rang go rang ó thaobh téarmaíochta sna hábhair éagsúla</p>	<ul style="list-style-type: none"> Plean ceart leagtha amach ag foireann na scoile maidir leis an ionchas teanga do gach rang agus clár oideachais na scoile a phleanáil go ceimniúil do chuile rang. Teagasc na litearthachta i nGaeilge ar dtús – foghraíocht, réamh-fhónaí, fónaí agus srl. Cur chuige sa scoil uile - an fhoireann ar fad ar an leathanach céanna – Aontas agus comhthuisctint ar an bPlean Scoile. 	<ul style="list-style-type: none"> Plean scoile Cleachtas na múinteoirí Aiseolas ón bhfoireann 	<p>An fhoireann scoile/Príomhoide</p> <p>Foireann na scoile</p>	<p>Bord Bainistíochta Príomhoide</p>	<p>Bliantúil</p>	<ul style="list-style-type: none"> Raidió na Gaeltachta Ranganna Drámaíochta Forbairt Ghairmiúil Leanúnach maidir le cláracha nua "Mar a Déarfá", Cleite Deiseanna plé le scoileanna eile
<p>Cuir leis an bhfoclóir atá ag na páistí agus saibhriú teanga</p>	<ul style="list-style-type: none"> Téarmaíocht, foclóir crochta sna seomraí ranga. Timpeallacht atá saibhir ó thaobh teanga de a chruthú do na gasúir- Eiseamlairí scríofa. Ceachtanna a chuireann béim ar ghníomhaíochtaí agus caint-m.sh Nuacht na Seachtaine ó gach rang a thaifeadh agus a chraoladh ó idirchum na scoile gach seachtain. An Pobal agus sárchainteoirí ón bpobal a thabhairt isteach ar scoil go minic chun dul i bhfeidhm ar na daltaí. Na daltaí a chur amach go dtí an pobal go minic, agallaimh a dhéanamh le sárchainteoirí, obair bhaile ag bailiú eolais ó sheantuismitheoirí, gaolta agus comharsain. Nasc le clubanna óige/drámaíocht/spórt. Cuairteoirí /Múinteoirí seachtracha sa scoil le Gaeilge amháin – nuair is féidir. 	<ul style="list-style-type: none"> Go mbeidh feabhas le feiceáil i gcaighdeán na bpáistí i leith na snáitheanna ar fad Taispeántas na ngasúr 	<p>Múinteoirí ranga</p> <p>Foireann ar fad</p>	<p>Príomhoide/Príomhoide Ionaid</p>	<p>Laethúil</p> <p>Bliantúil</p>	

Go mbeidh an Ghaeilge beo, suimiúil , bríomhar i ngach gné den scoil	<ul style="list-style-type: none"> San fhoghlaim, sa spóirt, sa drámaíocht, oideachas teicneolaíochta, ag an gcéilí ar thurais scoile, ag glacadh páirte i gcomórtaisí scoile, an Ghaeilge mar theanga cumarsáide i ngach gné de shaol na scoile. 	<ul style="list-style-type: none"> Suim ag na gasúir agus tuismitheoirí sa Ghaeilge Tionól na Gaeilge Taispeántas na ngasúr 	Foireann agus Tuismitheoirí	Príomhoide/Príomhoide Ionaid/Foireann na scoile	Laethúil	<ul style="list-style-type: none"> Toil agus dúthracht
Béim a chur ar chruinneas cainte na múinteoirí	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt ghairmiúil inscoile do mhúinteoirí. Ranganna i gcruinneas gramadaí a bheith ar siúl sa scoil (Uaireanta Bhóthar Haddington.) 	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt ghairmiúil ar siúl go rialta 	Foireann	Príomhoide	Bliantúil	<ul style="list-style-type: none"> Múinteoir ag teacht isteach Scéim tacaíochta /sparánachta ar fáil do mhúinteoirí chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge Aoí-chainteoirí Scéalaíocht Ladybug- Leabhair atá feiliúnach a bhfuil dlúthdhiosca ag dul leo – m.sh Máire agus a Mála – Mici Moncaí Leabhar gramadaí – Bain Súpas!
Béim a chur ar chruinneas cainte na ngasúr	<ul style="list-style-type: none"> Polasaí ag an scoil gan glacadh le drochGhaeilge, a bheith i gcónaí dírithe ar fhoirm na teanga. Straitéisí ranga forbartha ag múinteoirí chun na príomhbhotúin sa Ghaeilge a cheartú/ díriú ar bhotún rialta amháin gach seachtain, gach mí. Déanann na múinteoirí ábhar agus gníomhaíochtaí a idirdhealú go bríoch chun freastal ar riachtanais agus inniúlachtaí na ndaltaí. Scéimeanna a leanacht- spriocanna teanga agus gramadaí ag gach rang sa scoil, cur i láthair gach mí os comhair na scoile ar na botúin a ceartaíodh. <ul style="list-style-type: none"> Foghraíocht- Gramadach Saibhriú teangan Straitéisí ceartaithe a athrú, féincheartú, piar-cheartú Coinníonn múinteoirí taifid mheasúnaithe atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirmhíniú agus roinnt. Grúpaí cainte Dialann machnaimh Stór focal Aoí –chainteoirí ón gceantar m.sh filí áitiúla, aisteoirí, staraithe, eolaithe, ealaíontóirí Cluichí clóis –teanga a bheith ar eolas – múinte sa rang 	<ul style="list-style-type: none"> Go mbeidh feabhas le feiceáil i gcaighdeán na bpáistí i leith na snáitheanna ar fad Plean Bliana agus Cuntas Míósúil Plean Bliana agus Cuntas Míósúil Cleachtas ranga Teanga na ndaltaí 	Foireann/ MTF	Príomhoide	Laethúil	
			Múinteoirí ranga	Príomhoide/ Nascmhúinteoir	Laethúil	
Cleachtais aonair na múinteoirí	<ul style="list-style-type: none"> Chuide mhúinteoir ag cloí leis an bpolasaí scoile Roghnaíonn agus úsáideann na múinteoirí cleachtais pleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe a chuireann foghlaim na ndaltaí chun cinn. 	<ul style="list-style-type: none"> Pleanáil chúí ar siúl Leanúnachas ó rang go rang ar siúl Measúnú ar siúl Plean Bliana/ Cuntas Míósúil 	Múinteoirí ranga Múinteoirí Tacaíocht Foghlama	Príomhoide	Laethúil	

	<ul style="list-style-type: none"> Ainmníonn pleananna na múinteoirí cuspóirí foghlama atá soiléir agus atá curtha i gcomhthéacs do riachtanais foghlama na ndaltaí. 					
--	---	--	--	--	--	--

3. Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge

<p>3a) Go roinntí na daltaí i ngrúpaí idirdhealaithe de réir a gcumas teanga ó bhéal, i scríbhinn agus sa léitheoireacht m.sh cainteoirí dúchais, foghlaimeoirí (obair ghrúpa de réir a gcumas teanga).</p> <p>Go leagfaí béim an-láidir ar chaint thraidisiúnta Chois Fharraige agus go gcuirfí Oidhreacht Chultúrtha agus Bhéal Oideas an Spidéil i láthair mar gné lárnach den Churaclam Teanga</p>	<ul style="list-style-type: none"> Ainmníonn pleananna na múinteoirí cuspóirí foghlama atá soiléir agus atá curtha i gcomhthéacs do riachtanais foghlama na ndaltaí. Chuile mhúinteoir ag freastal ar shealbhú, ar shaibhriú agus ar shóisialú teanga, Bainistiú ranga éifeachtach in úsáid Níos mó idirdhealú sa rang. Grúpaí cainte Na múinteoirí i mbun obair-ghrúpa le daltaí éagsúla ar mhaithe le roghanna/ceachtanna a bhfuil ionchas teanga difriúil acu a chur fé bhráid foghlaimeoirí éagsúla. Na múinteoirí ag fáil tacaíochta ó pháirithe eile, m.sh cúntóirí teanga. Teagasc follasach teanga ar fáil go córasach sa Ghaeilge i ngach réimse ábhair seachas an Béarla i dtimpeallacht foghlama atá saibhir ó thaobh T1 de. Go mbeidh caint thraidisiúnta Chois Fharraige m.sh sa nGaeilge agus sa mBéarla le cloisteáil. 	<ul style="list-style-type: none"> Tástáil ranga Breathadóireacht an mhúinteora Cuntas Míósúil Straitéisí idirdhealaithe a bheith léirithe Cóipleabhair na ngasúr Cumas teanga, léitheoireacht agus scríbhneoireacht na ngasúr Clár ama Múinteoir Ranga agus Tacaíochta 	<p>Múinteoir Ranga agus Tacaíochta</p> <p>Foireann ar fad</p>	<p>P.O/P.O Ionaid agus P.O Cunta</p>	<p>2017-2018 – Díriú ar theanga ó bhéal</p> <p>2018-2019 Díriú níos mó ar idirdhealú</p>	<ul style="list-style-type: none"> Múinteoirí Tacaíochta Cúntóir Teanga Leabhair Scéim Grádaithe Léitheoireachta Léitheoireacht do gach aois ghrúpa Léim sa Léamh
--	--	--	---	--------------------------------------	--	---

4. Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt:

a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta)

Sain-spiocanna	Gníomhartha a rachaidh i ngleic le sain-spiocanna	*Critéir ratha	Cé	Ról ceannais ag?	Cén uair?	Acmhainní?
<p>Polasaí láidir scoile i bhfeidhm maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide i measc foireann iomlán na scoile, i measc na múinteoirí agus idir múinteoirí agus daltaí</p>	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú ar an bpolasaí scoile. Grúpaí fócais a eagrú chun dul i ngleic leis an gclár feabhsúcháin agus é a chur i bhfeidhm. Coiste na bPolasaithe Scoile 	<ul style="list-style-type: none"> Eolas cuí ar fáil Athbhreithniú ar an bpolasaí scoile 	<p>Bord Bainistíochta</p>	<p>Cathaoirleach /Príomhoide/ Foireann na Scoile</p>	<p>Bliantúil</p>	<ul style="list-style-type: none"> Airgead do thurais chuig ionaid oibre comhlachtaí Deontas le haoi-chainteoirí a íoc Cruinnithe le tuismitheoirí maidir le tábhacht agus buntáistí na teangan

<p>Is é polasaí na scoile go bhfeidhmíonn Bord Bainistíochta na scoile go hiomlán trí Ghaeilge, ní cheadaítear d'aon tuismitheoirí gan Ghaeilge a bheith ar Bhord Bainistíochta na scoile agus is i nGaeilge a bhíonn cruinnithe agus imeachtaí an Bhoird</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Leanacht ar aghaidh mar atá 	<ul style="list-style-type: none"> • Leanacht ar aghaidh mar atá 	Bord Bainistíochta	Bord Bainistíochta	Bliantúil	<ul style="list-style-type: none"> • Suíomh idirlíon na scoile • Ranganna Gaeilge nó Ciorcal Cainte a bheith ar siúl sa scoil • Balla Eiseamláirí Teanga le réiteach- clódóirí
<p>An Bord Bainistíochta agus an Príomhoide ag tabhairt tacaíocht iomlán do Choiste na dTuismitheoirí agus gur i nGaeilge a fheidhmíonn Coiste na dTuismitheoirí</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Coiste na dTuistí a bhunú sa scoil 	<ul style="list-style-type: none"> • Coiste ag feidhmiú sa scoil 	Bord Bainistíochta	Bord Bainistíochta	Meán Fómhair 2018	
<p>Cuirtear polasaí labhairt shóisialta na Gaeilge i bhfeidhm go héifeachtach ar scoil, bíonn feachtas leanúnach ar bun chun na daltaí a spreagadh ó thaobh labhairt shóisialta na Gaeilge agus déantar athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cártaí glasa • Gaeilgeoir na Seachtaine • Seachtain na Gaeilge • Filíocht a fhoghlaim de ghlanmheabhair • Imeachtaí le scoileanna eile • Aoí chainteoirí –filí –ceoltóirí • Turais amach ag ionaid oibre agus cúltúrtha agus oidreachta ina bhfuil Gaeilge á úsáid 	<ul style="list-style-type: none"> • An fhoireann ar fad 	Príomhoide	Bord Bainistíochta Príomhoide	Laethúil Bliantúil	
<p>Go mbeadh an toil ag páistí agus tuismitheoirí agus múinteoirí agus pobal uile na scoile Gaeilge a labhairt -gan bheith drogallach</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Oiliúint a chur ar tuismitheoirí gur suíomh Gaeilge amháin atá i gcampas na scoile agus go bhfuil siadsan in ann comhoibriú agus tacú linn. • Bíonn na daltaí iad féin agus na tuismitheoirí rannpháirteach i gcothú agus i bhforbairt an pholasaithe ó thaobh labhairt shóisialta na Gaeilge agus cuireann siad smaointe feabhsucháin nua chun cinn go minic/Coiste na nDaltaí agus Coiste Polasaithe Scoile. • Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi áiseanna agus acmhainní atá ar fáil le cúnamh a thabhairt dóibh agus dá gcuid páistí. • Dírionn na múinteoir ar fhorbairt agus ar theagasc na Gaeilge neamhfhoirmeálta shóisialta agus spreagtar na daltaí i mbun úsáid na Gaeilge sóisialta lasmuigh den seomra ranga. • Eiseamláirí teanga agus leaganacha cainte éagsula a chur faoi bhráid an pobal scoile agus a bheith crochta timpeall na scoile. • Gan Béarla a labhairt le tuismitheoirí i dtús comhrá. 	<ul style="list-style-type: none"> • Bileog Eolais – Suíomh Gaeilge amháin i gcampas na scoile • Nuachtlitir • Cruinnithe le tuismitheoirí maidir le tábhacht agus buntáistí na Gaeilge • Níos mó Gaeilge le cloisteáil ó thuismitheoirí timpeall na scoile. • Feabhas in úsáid na Gaeilge i gcomhráite le tuistí. 	Pobal na scoile P.O agus P.O Ionaid Foireann ar fad	Bord Bainistíochta/Príomhoide /Foireann scoile Márta- Meitheamh 2018 ar lean	Laethúil	

Critéir Rathúnais/ Tátáil Intomhaiste

- Torthaí na dtrialacha caighdeánaithe.
- Baineann múinteoirí úsáid as na próifílí measúnachta agus iad ag déanamh measúnú ar an teanga labhartha agus na snáitheanna uilig sa nGaeilge.
- Monatóireacht clóis agus scoile ar labhairt na Gaeilge.
- Monatóireacht a dhéanamh ar scéim na gcártaí glasa / cén chaoi mar atá ag éirí leis.
- Cumarsáid rialta leis na tuismitheoirí maidir leis an bpolasaí Gaeilge sa scoil.
- Úsáid mhúineach a bhaint as straitéisí tuisceana i bhfoirm labhartha agus mar chuid den léitheoireacht.
- Bainfidh múinteoirí úsáid as na próifílí measúnachta agus iad ag déanamh measúnú ar an léitheoireacht.
- Úsáid mhúineach a bhaint as seanraí scríbhneoireachta le sonrú i scríbhneoireacht neamhspleách na bpaistí.
- Baineann múinteoirí úsáid as an rúbic scríbhneoireachta, a bheidh curtha le chéile ag an bhfoireann, agus iad ag déanamh measúnú ar shamplaí de scríbhneoireacht na bpaistí, m.sh. cópleabhair scríbhneoireachta, fillteáin.
- Feidhmeanna teanga níos leithne le cloisteáil sa gcaint agus le feiceáil sa scríbhneoireacht.

Meastóireacht ghinearálta: Athbhreithniú

- Am a aontú agus a chur i leataobh do ghníomhartha monatóireachta.
- Am ar leith a úsáid ag cruinnithe foirne chun cleachtas a roinnt agus a phlé.
- Athruithe ar chleachtas ranga soiléir sna cuntais mhíosúla agus sa phleanáil fad théarmach.
- Dul chun cinn maidir leis an bplean FS a athbhreithniú gach bliain chun eolas a chur ar fáil do ghníomhartha.
- Cruinnithe múinteoirí ranga de réir leibhéal ranga leis an bpríomhoide ag tús na scoilbhliana.
- Torthaí na dtrialacha caighdeánaithe.
- Monatóireacht clóis agus scoile ar labhairt na Gaeilge.
- Monatóireacht a dhéanamh ar scéim na gcártaí glasa / conas mar atá ag éirí leis.
- Cumarsáid rialta leis na tuismitheoirí maidir leis an bpolasaí Gaeilge sa scoil.
- Beidh gach múinteoir freagrach as an obair seo a chur i gcrích ina ranganna féin agus i dtimpeallacht na scoile.
- Beidh ról lárnach ag an bpríomhoide agus ag an mBord Bainistíochta ann chomh maith.
- Déanfar athbhreithniú ar an bplean seo ag deireadh na trí bliana.

Achoimre ar Phríomh Réimsí Feabhsúcháin na Scoile

- An Ghaeilge a chur chun cinn mar phríomhtheanga labhartha laethúil na scoile.
- Oideachas lán-tumtha a chur ar fáil i ranganna na naíonáin.
- Níos mó béime le cur ar chruinneas agus ar shaibhreas sna scileanna labhartha –gá cur le stór focail na bpaistí de réir mar atá siad ag bogadh ó rang go rang.
- Gach ábhar seachas an Béarla a bheith múinte trí mheán na Gaeilge
- Saibhreas teanga maidir leis na cainteoirí dúchasacha a chur chun cinn.
- Ní mór aird níos mó a thabhairt ar mhúineadh na gramadaí sa labhairt agus sa scríobh. Go mbeadh feidhmeanna teanga níos leithne agus cruinneas gramadaí le cloisteáil i gcaint na bpaistí agus le feiceáil sa scríbhneoireacht.
- Ní mór forbairt a dhéanamh ar sholáthar leabhar léitheoireachta bhreise suimiúla sna meán agus sna hard ranganna.
- Ní mór úsáid a bhaint as na Próifílí Measúnachta don Ghaeilge sna scoileanna gaeltachta agus scoileanna lán-ghaeilge sna snáitheanna uilig.
- Ní mór aird a thabhairt ar dhifreálú.
- Ní mór forbairt bhreise a dhéanamh ar mhúineadh an phróisis scríbhneoireachta ar fud na scoile le go mbeidh forbairt leanúnach le feiceáil ó rang go rang. Réamhobair le déanamh mar thús don phróisis scríbhneoireachta.
- Níos mó béime le cur ar pháistí a bheith ag labhairt Gaeilge go neamhspleách sa gclós eadarthu féin.
- Scileanna Litearthacht TFC le feabhsú ,úsáid níos mó le baint as na meáin dhigiteacha.

